

# ☘ An Lúibín ☘

4 Meitheamh 2018

## Idé-eolaíocht idithe

An bhfuil fonn ar fhormhór na nÉireannach go dtiocfadh an Ghaeilge ar a seanléim arís? Níl, ar ndóigh. Cibé meas a d'fhéadfadh a bheith acu uirthi mar chomhartha féiniúlachta, ní bhaineann sí le haon ghné dá ngnáthshaol. Is leor leo an teanga atá acu anois, teanga áisiúil ilfheidhmiúil. Dearcadh ciallmhar é agus is deacair é a lochtú.

Ach is teann an greim atá ag idé-eolaíocht na hAthbheochana fós ar chultúr na tíre, fiú más breá leis na hÉireannaigh fanacht i ngreim an dá bhruach. Is mór an difríocht atá idir an bharúil gur bun-nasc í an Ghaeilge le seandúchas na hÉireann agus an fhaillí a dhéantar inti i ngnáthchursaí an tsaoil. Uaireanta tá gníomhaithe Gaeilge le cloisteáil ag cáineadh an rialtais agus phobal na hÉireann féin as gan beart a dhéanamh de réir bhriathar na sinsear; b'fhearr dóibh athmhachnamh a dhéanamh ar an idé-eolaíocht chultúrtha féin. An rud a raibh feidhm leis sa bhliain 1900 nó sa bhliain 1921 ní gá gur féidir an tairbhe féin a bhaint as sa saol atá anois ann.

Tógaimis an Ghaeltacht oifigiúil mar shampla. Beartaíodh na teorainneacha bunaidh de réir figiúirí míchruinne. Samhlaíodh go raibh fiordhúchas na tíre le fáil i nósanna na gceantar iargúlta agus níor cuimhníodh go mbíodh Gaeilge á húsáid ag gach aicme agus i ngach ceird ar fud na tíre. Samhlaíodh go bhféadfadh an teanga leathnú amach ó cheantair bhochta go dtí ceantair níos saibhre. Dearmaid go leor agus an chiall sáraithe ag an mbaothdhóchas. Anois tá na tráchtairí trína chéile toisc go bhfuil an tobar naofa ag dul i ndísc. Níl i meath na Gaeltachta ach meath an tseachmaill.

Tógaimis an Ghaeilge Éigeantach. Ábhar a mhúinteoir mar theanga mharbh. Ábhar gan chuspóir soiléir, gan mhúinteoirí a bhfuil cumas comhrá acu, gan toradh fóna. Déantar praiseach de gach leasú. Níl de thoradh ar an mbéim a chuirtear anois ar an gcaint ach daltaí ag pulcadh a gcloiginn le rudaí a chuir siad de ghlanmheabhair. Más mian leis an Stát Airteagal 8 an Bhunreacht a chomhlíonadh b'fhearr dó scód a ligean leis na scoileanna lán-Ghaeilge.

Agus Airteagal 8 féin. É fáiscithe go glan as tuiscint na hAthbheochana ar nádúr na náisiúntachta. Cuimhnímis ar an téacs: (1) *Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í;* (2) *Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.* (Féach go gcloítear leis an bpraiticiúlacht sa tríú mír: *Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn ceachtar den dá theanga a bheith haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de.*) Ba chóir mír 1 agus mír 2 a chur ina mhalairt d'ord nó an tAirteagal a scrios ar fad, ós é an Béarla an fíorthéanga náisiúnta. Tá tábhacht stairiúil leis an nGaeilge, ach ní beidh sí á húsáid feasta ach ag mionlach díograiseach.

Is sean-nath anois é gur teanga idirnáisiúnta í an Ghaeilge. Ní bheadh sí thíos leis sa bhaile ná i gcéin dá gcaithfí an idé-eolaíocht i dtraipisí, agus ní gá go mbeadh ar an Stáit cabhair a cheilt uirthi in Éirinn féin. Choinneofaí Foras na Gaeilge; choinneofaí na hacmhainní Idirlín; ní léir, áfach, gurbh fhiú an Ghaeilge a choinneáil mar theanga oifigiúil san Aontas Eorpach, cé go saibhríonn obair na n-aistritheoirí an foclóir.

Críochnaímis le tuairim a chuir duine áirithe in iúl maidir le halt faoin nGaeilge a foilsíodh in *The Journal* sa bhliain 2017:<sup>1</sup>

<sup>1</sup> <http://www.thejournal.ie/readme/column-debunking-the-most-common-alternative-facts-about-the-irish-language-3329361-Apr2017/>

The poor old Irish language's biggest problem is that it's reliant upon the Irish people to survive – terrible owners. Maybe we could sell it and use the money to buy an iPhone for everyone. I'm sure another people would really appreciate the opportunity to save this grand old language and nurse it back to health. More aptly, maybe an international rescue operation should happen – have the language forcibly relocated from its current neglectful owners, before it's too late.



## Na hirísí

Is gearr ó bhí píosa san *Irish Times* faoi 'Ireland's thriving literary magazine scene'.<sup>2</sup> Gnó bisiúil é, gan amhras, thar a mar a bhí sé roinnt blianta ó shin. Rinne an *Irish Times* liosta de sheacht n-iris déag chlóite agus de dhá iris déag ar-líne; foilsíonn siad léirmheasanna, ailt, ficsean gearr, filíocht agus ealaín. Agus sin gan trácht ar na hirísí liteartha ollscoile. Ní nach ionadh, i mBéarla atá siad go léir.

Cuid suntais roinnt mhaith de na hirísí nua le méid agus le húire an ábhair atá iontu. Tugann siad deis do scríbhneoirí gan iomrá (ar údair sheanchleachta cuid acu) a saothar a chur ar taispeáint. Agus éiríonn le cuid acu freisin scríbhneoirí eile a mhealladh a bhfuil clú éigin orthu sa saol mór. Tríd is tríd, is scríbhneoirí iad a bhfuil leabhar nó dhó foilsithe acu nó a bhfuil a saothar le fáil in irisí eile in Éirinn nó thar lear. Cuid acu ar fheabhas ar fad, a lán acu maith go leor – an gnáthmheascán, mar sin. Fiú mura seasfadh na hirísí seo go léir, bheadh a rian fágtha acu ar an gcultúr.

Is iondúil go bhfuil cuma an-snasta ar na hirísí seo. Tá *Cyphers Magazine*<sup>3</sup> (a bunaíodh sa bhliain 1975), *Poetry Ireland Review*<sup>4</sup> agus *The Dublin Review*<sup>5</sup> ar na hirísí clóite is iomráití; tagann *gorse* (a bunaíodh sa bhliain 2014) amach dhá uair in aghaidh na bliana mar eagrán teoranta; as Gaillimh do *Crannóg*<sup>6</sup> (filíocht, próis, agallaimh); agus tá rogha mór eile ar fáil. Agus féach na hirísí ar líne: *The Bohemyth*<sup>7</sup> (ficsean gearr agus grianghrafanna áille), *Roadside Fiction*<sup>8</sup> (próis agus grianghrafanna a mbaineann géire fhaiseanta leo), *Tales from the Forest*, *The Weary Blues*,<sup>9</sup> agus a lán eile.

Chumar ag iniúchadh dhá thír bheaga eile in iarthuaisceart na hEorpa, an Iorua agus an Danmhairg, ar lorg a bhfuil d'irisí liteartha ann. Tá a sá acu ann agus irisí ar líne san áireamh: *Blabla*,<sup>10</sup> *Bokstaver*,<sup>11</sup> *Vinduet*<sup>12</sup> agus eile san Iorua, *Afsnit P*,<sup>13</sup> *Loke*,<sup>14</sup> *Standart*<sup>15</sup> agus eile sa Danmhairg. Ach tríd is tríd agus gach comparáid déanta, is deacair gan a dhéanamh amach go bhfuil Éire chun tosaigh, í ag cur thar maoil le hirísí liteartha, i saol atá báite i bhflúirse focal, daite le híomhánna. Tri Bhéarla, ar ndóigh. Tig leis na heagarthóirí tarraingt as tobar domhain na teanga úd in Éirinn, sa Bhreatain agus i Meiriceá Thuaidh (ní thugtar aird ar an Astraláise, réigiún iargúlta).

<sup>2</sup> <https://www.irishtimes.com/culture/books/ireland-s-thriving-literary-magazine-scene-space-for-tradition-and-experimentation-1.3496202>

<sup>3</sup> <https://www.cyphers.ie/>

<sup>4</sup> <http://www.poetryireland.ie/>

<sup>5</sup> <https://thedublinreview.com/>

<sup>6</sup> <http://www.crannogmagazine.com/>

<sup>7</sup> <https://thebohemyth.com/>

<sup>8</sup> <http://roadsidfiction.com/>

<sup>9</sup> <http://thewearyblues.org/>

<sup>10</sup> <http://blabla.no/>

<sup>11</sup> <http://www.bokstaver.no/>

<sup>12</sup> <http://www.vinduet.no/>

<sup>13</sup> <http://afsnitp.dk/>

<sup>14</sup> <http://herlov.dk/>

<sup>15</sup> <http://standart.nu/web/>

Céard faoin nGaeilge, mar sin? Tá *Comhar*, *Feasta* agus *An tUlltach* ann agus a bhfiúntas féin ag roinnt leo; tá *An Gael* ann agus éileamh aige ar ábhar ó Ghaeilgeoirí ar fud an domhain. Ach, dá fhiúntaí iad, tá siad an-traidisiúnta maidir le dearadh agus le hábhar. Mar eiseamláir d'fhoilseachán fíor-nua-aoiseach, ba dheacair an iris *Nós* (nach iris liteartha í) a sháru. Ach d'fhéadfaí a áitiú nach bhfuil tarraingt ag eagarthóirí na n-irisí Gaeilge ar an hacmhainní liteartha agus eile atá ar fáil i mBéarla. Agus níl, ar ndóigh. Cúis iontais é an oiread sin scríbhneoirí Gaeilge a bheith ann ar chor ar bith, agus b'fhéidir go bhfuil an iomarca irisí Gaeilge ann tar éis an tsaoil (cé go seasfadh eagarthóir gach cinn díobh an fód go daingean, dásachtach).

Is fiú a fhiafraí cén fáth nach bhfuil níos mó Gaeilge le fáil sna hirísí liteartha Béarla. Tá sin ag brath ar dhearcadh na n-eagarthóirí agus a fhios acu nach bhfuil dualgas orthu déirc a thabhairt do ghioblacháin Ghaelacha. Mura dtarlóidh sin, áfach, beidh ar dhream éigin iris liteartha bheoga Ghaeilge nó dhó a bhunú ar líne (chun na pingíní a choigilt), maoiniú a shracadh as Foras na Gaeilge (rud beagnach dodhéanta) agus a ndóthain scríbhneoirí éirimiúla a mhealladh chucu. Go raibh rath ar an obair má dhéantar.



### Liam Ó Muirthile

Tá Liam Ó Muirthile imithe ar shlí na fírinne. Bhí tábhacht ar leith leis féin agus le lucht INNTI, iris ceannródaíoch a raibh saothar Gabriel Rosenstock, Michael Davitt agus Nuala Uí Dhomhnaill le fáil inti, agus iad uile leagtha amach ar chruth fíornua a chur ar litríocht Ghaeilge a linne. Bhuail an chomhaimearthacht isteach i seomraí an tseantí agus í lán de scléip. B'in athrú nárbh fhéidir cúlú uaidh.

Bhí Ó Muirthile ina fhile, ina dhrámadóir, ina úrscéalaí agus ina iriseoir. Thug sé Gaeilge leis ón scoil agus ó Chorca Dhuibhne, áit a thaitigh sé agus é óg. Is mó gradam a bronnadh air mar scríbhneoir. Bhí cion aige ar an bhFrainc agus d'aistrigh sé dánta le Guillaume Apollinaire, Jacques Prévert agus Anne Hébert.

Bhí sé pósta le Caoilfhionn Nic Pháidín, scoláire agus foilsitheoir nótaílte.

Sliocht as dán leis:

*Sí an chorr réisc ina staic  
a híomhá féin éin ina hiomláine  
san uisce.*

*Bronnann sí a foighne gan faic  
a dhúblaíonn an plána ar ais  
in aisce.*

*Geit obann torann  
preabann scrogall gan gogal  
san airdeall....*



### An t-ór a ghoid na sióga

Scéal a fuarthas ó Nóra Ní Dhuinneacha, 73 bliain d'aois, i gCill Mhichíl, Oileán Baoi, Contae Chorcaí, sa bhliain 1937. É le fáil i gcartlann Chnuasach Bhéaloideas Éireann: <https://www.duchas.ie/ga/cbes/4811603/4800782>. Rinneadh an litriú a athrú beagán ach fágadh crot na canúna ar an téacs. Tá an t-oileán suite in iarthar Chontae Chorcaí agus tá láithreáin réamhstairiúla ann.

*Ar an dtaobh thuaidh den oileán so, beagáinín siar ó Fhail Chunnais, tá cárnán cloch ann agus Clochán Uí Chrónacháin a tugtar air. De réir an tseanchais tá bosca óir i bhfolach in áit éigin idir an clochán san agus Fail Chunnais. Níl aon tuairisc acu ar conas mar a tháinig sé ann. Tá an áit breacaithe le leaca agus ní fios d'aoinne cén leac a bhfuil an stór fíithi.*

*Pé 'r domhan é bhí an fear so ag aoireacht bó in aice na háite an lá seo. Is dócha gur airigh sé an scéal mar gheall ar an ór*

agus bhí sé ag pócáil timpeall lena mhaide ag iompú na leac féachaint an mbeadh sé de ráth air go n-aimseodh sé é. San obair dó cad deirir ná gur iompaigh sé an leac so áirithe agus istigh fé chonaic sé an bosca óir. Bhí sé díreach ag cromadh anuas chun é d'ardú leis, nuair a thug sé súilfhéachaint éigin ar na buaibh [na ba] agus cá rabhadar ach ar bhruaich na faille agus baol go n-imeoidís síos le fána isteach sa bhfarraige. Leis sin do sháigh sé a mhaide sa talamh in aice an bhosca chun go mbeadh sé mar mharc aige, agus do chuir sé dhe síos fé dhéin na faille chun teacht roimis na ba. Do chas sé aníos arís iad, agus tháinig sé thar n-ais go dtí an áit mar ar fhág sé an bata ina sheasamh dar leis.



Oileán Baoi  
[Wikimedia Commons](#)

Do chuardaigh sé timpeall ins gach aon áit ach ní raibh bata ná leac ná bosca óir le fáil aige - na sioga a thóg é nuair a bhí sé i ndiaidh na mbó, mar tá cáil an uaignis ar an áit chéanna.

Ní fhuarathas an stór sin riamh ó shin ach chreid na daoine go daingean go raibh sé ann. Is minic a chaith daoine ón oilean tamall ag iompú na leac i nDrom Rua a d'iarraidh é a fháil. Bíonn siad ag aoireacht na mbó iad ar eagla iad a dhul le faille, agus go dtí na blianta deireanacha so fiú amháin is minic seandaoine an oileáin ag cuardach fés na leacaibh. Tá an stór fé lic éigin, ach ní fios d'aoinne cé acu leac é.




## **An bheatha sa spás**

Beatha sa spás. Beatha shimplí, beatha chasta, beatha chliste. Tá réalteolaithe agus réaltfhisicithe ag tnúth lena leithéid a fháil. Deirtear fiú go mb'fhéidir gur thosaigh an bheatha ar ár bpláinéad féin de bharr ábhar beo a theacht anseo ar mhuintir astaróideach.

Anois tá siad ar lorg eachtardhomhantaigh mhicróbacha nó a n-iarsmaí ar phláinéid eile le cúnaimh taiscéalaithe spáis agus teileascóip. Tá misin róbatacha á gcur chun Márs ar thóir fianaise go mbíodh áiteanna ann a chothódh rudaí beo.

Tá sé phláinéad ar a laghad atá gar don Domhan agus a d'fhéadfadh rudaí beo cónaí ann. Tá aigéin faoi dhromchla Europa agus Ganymede, gealacha reoite de chuid Iúpatair, agus tá locha meiteáin leachtaigh laistigh de Thiotán, an ghealach is mó de chuid Shatairn. Dá bhrí sin d'fhéadfaí teacht ar bheatha ann. Chomh maith leis sin, is féidir linn iniúchadh a dhéanamh ar atmaisféar na bpláinéad atá ag dul timpeall réaltaí eile agus sinn ar lorg ocsaigín, meiteáin nó gáis eile a bhféadfadh cúis bhitheolaíoch a bheith leo.

Síltear go bhfuil scairdeán uisce le feiceáil ar Europa. Níl sé chomh mór lena ngealach féin ach meastar go bhfuil an t-uafás uisce le fáil faoin dromchla reoite – a dhá oiread uisce is atá le fáil sa Domhan féin, b'fhéidir. Is cosúil go bhfuil aigéan Europa ag teagmháil le croí carraigeach an phláinéid, rud a d'fhéadfadh a lán imoibrithe ceimiceacha a spreagadh. Tá aigéan ceilte eile le fáil ar Enceladus, gealach de chuid Shatairn. Tá os cionn céad scairdeán ag spré oighir, móilíní orgánacha agus ábhar eile amach sa spás, spré a chothaíonn ceann d'fháinní Shatairn.



Europa

*Wikimedia Commons*

Taispeánann teileascóp Kepler NASA go bhfuil flúirse pláinéad inár réaltra féin. Tá ceithre bhilliún réalta sa réaltra agus meánuimhir de 1.6 pláinéad ag dul timpeall gach ceann acu. Tá a lán de na pláinéid úd costúil leis an Domhan ar shlí éigin agus na billiúin acu le fáil i mBealach na Bó Finne amháin.

Ach ó thaobh na bitheolaíochta de níl an scéal chomh simpli sin. Nocht an bheatha ar an Domhan timpeall ceithre bhilliún bliain ó shin ach thóg sé na billiúin bliain ar an mbeatha sin cruth casta agus ansin cruth meabhrach a tharraingt uirthi féin. Bheadh sé an-deacair na dálaí sainsiúla ar fáisceadh an bheatha mheabhrach astu anseo (dálaí aeráide, geolaíochta agus stairiúla) a fháil ar phláinéid eile. Bheadh brúnna roghnaitheacha ar phláinéid áirithe a chruthódh tréithe difriúla i rith na héabhlóide. Ní gá gurb iad ár leithéidí a thiocthadh ar an bhfód dá bharr; ach sa chultúr coitianta, ar an scáileán nó i leabhair, tá nós againn eachtráin a shamhlú ar ár múnla féin.

***Breis eolais:***

[https://www.space.com/40435-finding-aliens-humanity-reaction.html?utm\\_source=notification](https://www.space.com/40435-finding-aliens-humanity-reaction.html?utm_source=notification)

[https://www.space.com/40575-jupiter-moon-europa-plume-galileo-spacecraft.html?utm\\_source=notification](https://www.space.com/40575-jupiter-moon-europa-plume-galileo-spacecraft.html?utm_source=notification)



**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*